Rinne Oifigeach de chuid Bhiúró an Gharda Síochána ionadaíocht thar ceann an Bhiúró ar líne ag an 8<sup>ú</sup> Comhdháil ar Airgeadraí Fíorúla, a tionóladh i gCeanncheathrú Europol an Háig an 10 agus an 11 Bealtaine 2022. Ba é ábhar na comhdhála seo ná "Airgeadas Dílártaite (DeFi)" agus thug sé oifigigh forfheidhmithe dlí le chéile chun a gcuid eolais agus saineolais sa réimse seo a roinnt.

#### *6<sup>ú</sup> Comhdháil Dhomhanda ar Airgeadas Coiriúil agus Criptea-airgeadraí*

Rinne Oifigeach Biúró an Gharda Síochána ionadaíocht ar an mBiúró ag an 6<sup>ú</sup> Comhdháil Dhomhanda ar Airgeadas Coiriúil agus Criptea-

airgeadraí a tionóladh ar líne an 1 agus an 2 Meán Fómhair 2022.

Is comhthionscnamh de chuid Institiúid Basel um Rialachas, Interpol agus Europol í an chomhdháil bhliantúil seo tríd an nGrúpa Oibre comhphárteach ar Airgeadas Coiriúil agus Criptea-airgeadraí.

Tá sé mar aidhm ag an gcomhdháil cumais an lucht freastail a mhéadú chun sciúradh airgid fíorúil atá bunaithe ar shócmhainní agus coireanna criptithe-chumasaithe eile a imscrúdú agus a ionchúiseamh go rathúil.




#### *23<sup>ú</sup> Comhdháil Náisiúnta Bhliantúil na nIonchúisitheoirí*

Thug Oifigeach Biúró an Gharda Síochána cur i láthair dar teideal "Airgeadraí Fíorúla – Réamhrá do Chleachtóirí Coiriúla" ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí An 23 Comhdháil Náisiúnta Bhliantúil na nIonchúisitheoirí Dé Sathairn an 19 Samhain 2022 san Ionad Comhdhála Náisiúnta, Baile Átha Cliath.



Léaráid: Eagrú an Bhiúró



Cuid a hAon

*Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann*

*Fágadh an leathanach seo folamh d'aon ghnó*



# Cuid a Dó

## *Imscrúduithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla*

### Imscrúduithe

Le linn 2022, lean Oifigigh an Bhiúró ag feidhmiú na gcumhachtaí agus na ndualgas ar dílsíodh dóibh faoi alt 8 den Acht CAB.

Tá sé tábhachtach le tabhairt ar aird, cé go gcoinníonn Oifigigh an Bhiúró na dualgais agus na cumhachtaí a thugtar dóibh de bhua a n-oifige roimhe seo dá máthaireagraíochtaí faoi seach, go bhfaigheann siad cumhachtaí nua go háirithe dá ról mar Oifigigh an Bhiúró. Ina measc seo tá an chumhacht chun na nithe seo a leanas a fháil agus a fhorghníomhú:

1. Barántais chuardaigh CAB de bhun alt 14 den Acht CAB;
2. Orduithe Táirgthe chun ábhar a chur ar fáil don CAB de bhun alt 14A den Acht CAB.

Tá na cumhachtaí seo le fáil in alt 14 agus 14A den Acht CAB, arna leasú.

Rinne an Biúró a chuid imscrúduithe i rith 2022 le comhoibriú agus cúnaimh ó phearsanra an Gharda Síochána ó Rannáin an Gharda Síochána agus freisin ó Ionaid Náisiúnta an Gharda Síochána atá ceangailte le Coireacht Eagraithe agus Thromchúiseach (OSC), Ordú Speisialta um Thaicticí agus Oibríochtaí (ÚABÁC) agus Seirbhís Náisiúnta faisnéise Coireachta agus Slándála an Gharda Síochána (GNCSIS). Thacaigh Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim le himscrúduithe freisin.

Lean an Biúró ag comhoibriú le hIonaid imscrúduithe Speisialta na Roinne Cosanta Sóisialta maidir lena nimschrúduithe in 2022. Bhí an cúnaimh

leanúnach seo ríthábhachtach don rath a bhí ar dhíriú ar fháltais an iompair choiriúil le linn 2022.

Le linn 2022, rinne an Biúró daichead a naoi (49) oibríocht chuardaigh [níos mó ná sprioc an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta de thríocha a cúig (35)] comhdhéanta de chéad tríocha a ceathair (134) cuardach aonair i fiche (20) contae.

### Alt 14

Foráiltear le halt 14 den Acht CAB do bharántais chuardaigh CAB. Faoi alt 14(1), féadfaidh Oifigeach Biúró, atá ina bhall den Gharda Síochána, iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche ar bharántas chun fianaise a bhaineann le sócmhainní nó fáiltais a thagann as iompar coiriúil a chuardach.

Foráiltear le halt 14(2) & (3) go n-eiseofar barántas chuardaigh den chineál céanna in imthosca a bhaineann le práinn trína ndéantar an t-iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche a bheith neamhphraiticiúil. Féadfaidh Oifigeach Biúró atá ina bhall den Gharda Síochána nach bhfuil faoi bhun céim an Cheannfoirt an barántas seo a eisiúint.

Le linn 2022, rinneadh gach iarratas faoi alt 14 chun na Cúirte Dúiche agus níor eisíodh aon bharántais de bhun alt 14(2).

Feidhmíonn barántas chuardaigh alt 14 trí chead a thabhairt d'Oifigeach Biúró ainmnithe, atá ina bhall den Gharda Síochána, in éineacht le daoine eile den sórt sin a mheasann an tOifigeach Biúró a bheith riachtanach, ábhar a chuardach, a urghabháil agus a choinneáil ag an áit atá ainmnithe.

## Cuid a Dó

### Imscrúitithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla

Is díol suntais é seo sa mhéid go gceadaíonn sé don chomhalta den Gharda Síochána cibé daoine eile a mheasann an tOifigeach Biúró a bheith riachtanach a bheith in éineacht leis/léi, lena n - áirítear daoine atá cáilithe go teicniúil agus/nó go gairmiúil, chun cabhrú leis/léi sa chuardach. Feictear na barántais seo mar uirlis thábhachtach a ligeann don Bhiúró a chuid imscrúduithe a dhéanamh de bhun a shainchúraim reachtúil.

Le linn 2022, d'fhorghníomhaigh an Biúró céad tríocha a ceathair (134) barántas maidir le díriú ar ghrúpaí coireachta eagraithe.



Oifigigh an Bhiúró le linn oibríochta

Baineadh úsáid as barántais alt 14 chun go leor áiteanna cónaithe príobháideacha a chuardach chomh maith le hoifigí gairmiúla agus gnóthais eile. Mar thoradh air seo gabhadh airgead tirim, feithiclí, trealamh leictreonach agus earraí dearthóra.

## Alt 14A

Cuireadh alt 14A isteach leis an Acht PoC 2005. Foráiltear leis an gcuid seo d'iarratais a dhéanfaidh Oifigeach Biúró, atá ina bhall den Gharda Síochána freisin, iarratas a dhéanamh chun na Cúirte

Dúiche ar ordú a dhírítear ar dhuine ainmnithe ábhar a chur ar fáil d'Oifigeach an Bhiúró.

Baineadh úsáid go príomha as Orduithe Táirgthe alt 14A chun fianaise a ardú ó roinnt institiúidí airgeadais sa Stát. Baineann an t-ábhar a fhaightear le sonraí baincéireachta, agus i go leor cásanna, le haistriú suimeanna móra airgid idir chuntais.

Mar thoradh ar an bhfaisnéis a fuarthas, bhí an Biúró in ann an fhianaise seo a úsáid in imscrúduithe leanúnacha ar roinnt daoine a chreidtear a bhfuil sócmhainní acu a léiríonn, go díreach nó go hindíreach, fáltais na coireachta. Le linn 2022, d'fhorghníomhaigh an Biúró trí chéad tríocha a haon (331) ordú de bhun alt 14A.

## Iarratais a rinneadh le linn 2022

Tugtar breac-chuntas sa tábla thíos ar líon na n - iarratas a rinneadh faoi ailt 14 agus 14A den Acht CAB, arna leasú.

Iarratais faoi alt 14 & 14A den Acht CAB, 1996 & 2005

Cur síos	Iarratas	
	2022	2021
Barántais chuardaigh faoi alt 14 den Acht CAB, 1996 & 2005	134	189
Orduithe chun ábhar a chur ar fáil faoi alt 14A den Acht um CAB, 1996 & 2005	331	370

*Féadfaidh figiúr Alt 14/14A athrú ar bhonn bliantúil agus tá sé ag brath ar chásanna.*

## Cuid a trí

# Gníomhartha faoin Acht um Fháltais ó Choireacht 1996 go 2016

### Réamhrá

Cuireann an tAcht um Fháltais ó Choireacht 1996 go 2016 ("An tAcht PoC") ar chumas na hArd-Chúirte orduithe a dhéanamh chun an mhaoin lena mbaineann a chaomhnú agus, nuair is cuí, a dhiúscairt agus chun foráil a dhéanamh i dtaobh nithe gaolmhara.

Leis an Acht PoC, ligtear don Ard-Chúirt a chinneadh, ar an ualach sibhialta cruthúnais, an ionann sócmhainn, go díreach nó go hindíreach, le fáltais ó iompar coiriúil.

In 2005, leasaíodh an tAcht PoC chun go bhféadfaí na himeachtaí a thionscnamh in ainm an Bhiúró in ionad a Phríomhoifigigh Biúró. Ar an ábhar sin ó 2005, tugadh gach iarratas a rinne an Biúró in ainm an Bhiúró.

Cuirtear tús le himeachtaí na hArd-Chúirte trí iarratas a dhéanamh faoi alt 2(1) den Acht um FC atá bunaithe ar mhionscríbhinn a bheidh mionnaithe ag Príomh-Oifigeach an Bhiúró i gcónaí.

Mionnaíonn finnítithe ábhartha mionnscribhinní eile, Oifigigh an Bhiúró agus baill foirne an Bhiúró san áireamh, baill den Gharda Síochána ó lasmuigh den Bhiúró, Próifíleoirí Sócmhainní Rannáin agus i gcásanna áirithe, ag oifigigh ó ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ó lasmuigh den dlínse san áireamh.

Foráiltear leis an Acht PoC gur féidir leis tairiscint tosaithe a thabhairt ar bhonn ex-parte. Ciallaíonn sé seo go ndéanann an Biúró a iarratas faoi alt 2(1) den Acht PoC gan ceanglas fógra a thabhairt don duine dá ndéantar difear (an freagróir).

Mairfidh an t-ordú alt 2(1) ar feadh lá is fiche mura ndéantar iarratas faoi alt 3 den Acht PoC laistigh den tréimhse sin. Foráiltear le halt 2 den Acht PoC freisin gur cheart fógra a thabhairt don duine lena mbaineann le linn na tréimhse seo.

Ceadaítear do thréimhse níos faide chun sócmhainní a chalcadh faoi alt 3 den Acht PoC. Ní mór a thabhairt ar aird gur féidir tús a chur le himeachtaí faoin Acht PoC gan ordú calctha faoi alt 2(1) trí thairiscint tosaithe a eisiúint de bhun alt 3(1). Ní dhearnadh aon orduithe den sórt sin in 2022.

Cé nach mór tús a bheith curtha le cásanna faoi alt 3 taobh istigh d'fhiche haon lá d'ordú alt 2, go praiticiúil, d'fhéadfadh go dtógfadh sé roinnt mhaith ama sula dtagann éisteacht alt 3 os comhair na hArd-Chúirte. Tugtar fógra don duine lena mbaineann (an freagróir) maidir leis an éisteacht faoi alt 3 agus tá an duine sin i dteideal freastal ar an éisteacht agus an tabhairt faoin gcás maidir le sócmhainn ar leith.

I gcásanna nach bhfuil sé d'acmhainn ag an bhfreagróir íoc as ionadaíocht dhlíthiúil, is féidir leis an bhfreagróir iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt ar chúnamh dlíthiúil a fháil faoi Scéim um Chúnamh Dlí atá i bhfeidhm chun na críche sin.

Sa bhealach sin, déantar cinnte de go gcomhlíontar an rochtain ar ionadaíocht dlí i gcásanna a bhaineann leis an mBiúró, ar choinníoll go gcomhlíontar na critéir riachtanacha don scéim.

## Cuid a trí

### Gníomhartha faoin Acht um Fáltais ó Choireacht 1996 go 2016

Má thaispeántar sa deireadh sástacht na hArd-Chúirte tar éis éisteacht alt 3 go léiríonn an tsócmhainn fáltais an iompair choiriúil, go díreach nó go hindíreach, ansin déanfaidh an chúirt ordú lena ndéanfar an tsócmhainn sin a chalcadh.

Mairfidh an t-ordú sin seacht mbliana ar a laghad agus le linn na tréimhse sin, féadfar don fhreagróir nó aon pháirtí eile a éilíonn úinéireacht a bheith aige ar an maoin iarratas a dhéanamh go n-athrófaí an t-ordú cúirte i leith na maoin.

Ag deireadh na tréimhse de seacht mbliana, féadfaidh an Biúró imeachtaí a thionscnamh ansin chun an tsócmhainn a aistriú chuig an Aire Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí nó chuig daoine eile den sórt sin de réir mar a chinneann an chúirt faoi alt 4 den Acht PoC. Le linn na n-imeachtaí seo, tugtar fógra arís do gach páirtí ábhartha agus féadfaidh siad iarratais a dhéanamh chun na cúirte.

Roimh dheireadh na tréimhse seacht mbliana, féadfaidh an chúirt Ordú Diúscartha Toilithe faoi alt 4A den Acht PoC a dheonú ar thoiliú an fhreagróra iomchuí.

### Athbhreithniú ar Alt 1A

Leasaíodh an tAcht um FC leis an Acht PoC (Leasú), 2016. Déantar foráil leis an leasú seo, sa chás go bhfuil Oifigeach de chuid an Bhiúró in áit phoiblí, nó in áit eile ina bhfuil sé údaraithe nó ina bhfuil cuireadh faighte aige, nó áit ina bhfuil sé ag déanamh cuardaigh, agus go bhfaigheann sé réadmhaoin a cheapann sé atá ina fáltais choiriúla le luach nach lú ná €5,000, gur féidir leis an Oifigeach na

réadmhaoin a urghabháil do thréimhse nach mó ná fiche ceathair uair an chloig.

Féadfaidh an Príomhoifigeach Biúró, le linn na tréimhse ceithre huair is fiche, an réadmhaoin a údarú go ceann tréimhse suas le lá is fiche ar choinníoll go bhfuil:

- a) sé sásta go bhfuil forais réasúnacha drochamhrais ann gur fáltais ó choireacht na réadmhaoin, go hiomlán nó go páirteach, go díreach nó go neamhdhíreach,
- b) sé sásta go bhfuil forais amhrais ann nach bhfuil méid iomlán na réadmhaoin níos lú ná €5,000,
- c) sé sásta go bhfuil an Biúró ag déanamh imscrúdú i dtaobh cibé an bhfuil nó nach bhfuil forais leordhóthanacha ann chun iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar ordú eatramhach nó ar ordú idirbhreitheach i leith na maoin agus,
- d) forais réasúnacha aige chun a chreidiúint go bhféadfar, go hiomlán nó go páirteach, an mhaoin a dhiúscairt, go hiomlán nó go páirteach, d'éagmais údaraithe, go ndiúscrófar í nó go ndéileálfar léi ar shlí eile, nó go laghdófar a luach, sula bhféadfar iarratas den sórt sin a dhéanamh.


### Cásanna tosaithe

Cuireadh tús le hocht gcás déag (18) nua faoin Acht PoC le linn 2022. Cuireadh tús le hocht gcás déag (18) trí imeachtaí a eisiúint trí fhorarratas tionscnaimh faoi alt 2.

Tá obair mhór déanta ag an mBiúró ag ullmhú na n-imscrúduithe seo chun ligean dó na cásanna seo a thabhairt in 2022.

Rinne an Biúró imscrúduithe agus chuir sé tríocha (30) comhad nua PoC faoi bhráid Rannóg Sócmhainní Coiriúla Oifig an Phríomh-Atur nae Stáit lena gcur ar aghaidh trí na Cúirteanna ag comhlíonadh ár dtiomantais tríocha (30) comhad nua PoC a chur isteach mar atá leagtha amach sa Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta (PDA) 2022.


Cásanna nua POC tugtha os comhair na hArd-Chúirte



### Athbhreithniú ar Alt 2(1)

Nuair a rinneadh anailís orthu, mhéadaigh líon na sócmhainní a bhfuarthas ordú ina leith faoi alt 2(1) i gcomparáid le 2021 ó céad seasca a seacht (167) in 2021 go dtí céad seasca (160) sócmhainní in 2022.


Sócmhainní a ndearnadh Orduithe alt 2(1) ina leith



Féadfaidh líon na sócmhainní a ndearnadh orduithe ina leith faoi alt 2(1) athrú ar bhonn bliantúil agus braitheann sé ar an gcás.

Le linn 2022, ghlac an Biúró imeachtaí maidir le cineálacha éagsúla sócmhainní. Chun críocha próifílithe, déantar na sócmhainní a mhiondealú ina seodra, ina maoin, ina bhfeithiclí, ina n-earraí airgeadais, ina n-earraí dearthóra agus eile.

Sócmhainní a ndearnadh orduithe alt 2(1) ina leith Miondealú ar shócmhainní de réir cineál sócmhainne



### Miondealú Luachála

Tá na figiúirí maidir le seodra, maoin, feithiclí, earraí dearthóra, airgeadais agus rudaí eile bunaithe ar an luach measta a chuireann an Biúró ar an tsócmhainn tráth déanta an iarratais faoi alt 2(1) den Acht PoC.

Ba ionann luach na gcéad seasca (167) sócmhainn calctha faoi alt 2 den Acht PoC i rith na bliana 2022 agus €5,184,599. Tá miondealú ar an bhfigiúr seo mionsonraithe sa tábla thíos.

## Cuid a trí

### Gníomhartha faoin Acht um Fháiltais ó Choireacht 1996 go 2016


#### Anailís ar ordú alt 2 de réir Cineál Sócmhainne

Cur síos	€
Seodra	222,350
Eastát Réadach	1,270,144
Feithiclí	412,589
Airgeadas	3,218,391
Earraí Dearthóra	31,495
Eile	29,630
<b>Iomlán</b>	<b>5,184,599</b>

Léiríonn torthaí na bliana 2022 i gcomparáid le 2021 go bhfuil méadú €2.117m tagtha ar luach na sócmhainní a bhí calctha faoi alt 2(1) ón mbliain roimhe sin nuair a bhí an luach €3.068m. Tugann an Biúro ar aird an méadú ar luach sócmhainní.

Athraíonn luach na sócmhainní i ngach cás ag brath ar cibé an ndírítear ar shócmhainní ardluacha chuig sócmhainní ar luach íseal. Tá luach na n-orduithe sin idir €9,718 agus €1,948,147.

#### Luach na sócmhainní atá calctha faoi alt 2(1)




### Athbhreithniú ar Alt 3

Déantar ordú alt 3(1) ag deireadh na héisteachta inar chinn an Ard-Chúirt gurb ionann sócmhainn nó sócmhainní áirithe agus fáiltais ó iompar coiriúil.

Dá réir sin, is ábhair don Ard-Chúirt iad an dáta agus fad na héisteachta agus ní faoi rialú díreach an Bhiúro é.


Le linn 2022, bhí orduithe déanta faoi alt 3(1) ag sé chás is fiche (26) os comhair na hArd-Chúirte, ar luach €4,536,302.

#### Líon na gcásanna ina ndearnadh orduithe faoi alt 3(1).



Tháinig laghdú ar líon na sócmhainní a ndearna an Ard-Chúirt orduithe ina leith de bhun alt 3(1) ó thrí chéad seasca (360) sócmhainn in 2021 go nócha a hocht (98) sócmhainn in 2022.

#### Sócmhainní a ndearnadh orduithe alt 3(1) ina leith.



Féadfaidh líon na sócmhainní a ndearnadh orduithe ina leith faoi alt 3(1) athrú ar bhonn bliantúil agus braitheann sé ar an gcás.

Ba ionann luach na n-ocht sócmhainn is nócha (98) a ndearnadh orduithe alt 3 ina

leith le linn na bliana 2022 agus €4,536,302.


Tá miondealú ar an bhfigiúr seo mionsonraithe sa tábla thíos.

Anailís ar ordú alt 3 de réir Cineál Sócmhainne

Cur síos	€
Seodra	258,300
Eastát Réadach	1,770,000
Feithiclí	211,739
Airgeadas	2,217,213
Earraí Dearthóra	3,460
Eile	75,590
<b>Iomlán</b>	<b>4,536,302</b>

Léiríonn torthaí 2022 i gcomparáid le 2021, cé gur mhéadaigh líon na sócmhainní, tháinig laghdú ar luach na sócmhainní calctha alt 3(1) faoi €3.851 ón mbliain roimhe sin nuair ba é €58.387 an luach.

Luach na sócmhainní atá calctha faoi alt 3(1)



### Alt 3(3)

Foráiltear le halt 3(3) den Acht PoC d'ordú atá ann cheana faoi alt 3(1) a athrú nó a urscaoileadh. Is féidir leis an bhfreagróir iarratas a dhéanamh de bhun alt 3(3) i gcás a thógann an Biúró nó aon duine eile a éilíonn úinéireacht na maoine.

Cé go bhfuil alt 3(3) ag machnamh den chuid is mó go ndéanann freagróir iarratas i gcás, is féidir le daoine a éilíonn úinéireacht ar mhaoin an ábhair é a dhéanamh freisin, rud a thugann deis d'íospartaigh na coireachta iarratas a dhéanamh chun an céanna a thabhairt ar ais.

Tugann Alt 3(3) deis freisin do na daoine leasmhara sin ordú alt 3(1) a athrú nó a urscaoileadh nuair is féidir a shuíomh, chun sástacht na cúirte, nach fáltais ó iompar coiriúil an tsócmhainn atá i gceist.

Rinneadh ordú amháin den sórt sin faoi alt 3(3) den Acht PoC le linn 2022.

### Cás 1:

In 2021, dhaingnigh an Biúró Orduithe Ard-Chúirte faoi alt 2, 3(1) agus 7 den Acht PoC i ndáil le €21,600 a d'urghabh Gardaí i gCo. Thiobraid Árann in 2017. Fuarthas go raibh an t-airgead mar fháltais ó bhuirgléireacht i dteach fear scothaosta (éagtha).

In 2022, tar éis iarratas a dhéanamh faoi alt 3(3) den Acht PoC, tugadh an t-airgead ar ais d'eastát an Pháirtí Díobháilte.

### Miondealú Geografach

Clúdaíonn sainchúram an Bhiúró imscrúdú ar fháltais ó chásanna coireachta beag beann ar shuíomh na sócmhainní.

Le linn 2022, fuair an Biúró orduithe maidir le sócmhainní i ndáil le fáltais ó choireacht sna ceantair mhóra uirbeacha agus sna pobail tuaithe go léir.

## Cuid a trí

### Gníomhartha faoin Acht um Fháltais ó Chuireacht 1996 go 2016

Tá an Biúro tiomanta fós le díriú go gníomhach ar shócmhainní a ar fháltais iad ó iompar coiriúil, cibé áit a bhfuil siad suite, a mhéid is féidir faoin Acht PoC.

Tá a chlúdach náisiúnta á fhorbairt ag an mBiúro tuilleadh trí chúram a chur ar Phróifíleoirí Sócmhainní Rannáin. Cinnteoidh seo go ndéanfar ar spriocanna coiriúla áitiúla ar fud an Stáit le haghaidh gnímh ag an mBiúro.

## Maoin

Éilíonn aidhmeanna agus cuspóirí reachtúla an Bhiúro go ndéanfaidh an Biúro beart cuí chun cosc a chur ar dhaoine aonair atá ag gabháil do chuireacht eagraithe thromchúiseach, a thairbhíonn den chuireacht sin.

I gcásanna ina dtaispeántar gur fháltais ó iompar coiriúil an mhaoin, cuimsíonn an fhoráil reachtúil trínar féidir duine aonair, atá ag baint sult as sochar as an fáltas sin, a bheith díothach nó séanta as an tairbhe sin, gur chóir é/í a dhífheistiú don mhaoin.

D'fhéadfadh sé go n-éileodh an beartas seo de chuid an Bhiúro maoin a shaothrú, d'ainneoin go bhfanann an mhaoin i gcásanna áirithe i gcothromas diúltach.

Déantar é seo chun a chinntiú nach gceadaítear dóibh siúd a bhfuil baint acu le cuireacht a bheith in ann tairbhe a bhaint as fáltas na cuireachta.

## Feithiclí

Leanann an Biúro ag tabhairt ar aird an spéis atá ag na daoine a bhfuil baint acu leis an gcuireacht eagraithe

thromchúiseach i bhfeithiclí ardluacha. Le linn 2022, dhírigh an Biúro ar roinnt feithiclí ar le coirpigh iad.



Sampla d'feithiclí a gabhadh

## Earraí Só

Tá an Biúro ag leanúint ar aghaidh ag díriú ar ghnóthachain a fuarthas ar dhrochbhealaí trí earraí só ard-leibhéil a urghabháil ar nós cártaí stórais, málaí láimhe dearthóra, éadaí agus coisbheart dearthóra, uaireadóirí agus tithe soghluaiste, a dtaispeántar samplaí díobh thíos:



Mála Louis Vuitton



Sála Christian Louboutin

### Cás 1:

Chuir Próifíleoir Sócmhainní Rannáin an cás seo faoi bhráid an Bhiúro agus é ceangailte le baile cúige atá suite i Lár na



Tíre. Tá na daoine aonair ina mbaill de ghrúpa coireachta eagraithe a bhfuil naisc acu le díol agus soláthar drugaí rialaithe. Bhí roinnt daoine aonair a bhí ceangailte leis an ngrúpa seo ag gabháil do ghníomhaíocht fhoréigneach a bhaineann le achran.

Mar thoradh ar imscrúdú ilghníomhaireachta an Bhiúró, eisíodh éilimh na gCoimisinéirí Ioncaim agus rinneadh ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh a mheas. Chomh maith leis sin, dheonaigh an Ard-Chúirt ordú de bhun alt 2 den Acht PoC maidir leis an méid seo a leanas:

- Ceithre (4) réadmhaoin
- Cúig (5) mótarfheithicil
- Earraí só ar luach thart ar €4,800 lena n-áirítear málaí agus sparán Louis Vuitton agus coisbheart Christian Louboutin
- Níos mó ná €50,000 in institiúidí airgeadais éagsúla
- Níos mó ná €18,000 in airgead tirim
- Dalaí Tarraingthe
- Leantóir gluaisteán Acastóra Dúbáilte Tuffmac



Dalaí Tarraingthe

#### **Cás 2:**

Rinne an Biúró imscrúduithe ar ghrúpa coireachta eagraithe Síneach a raibh baint acu le hiompar coiriúil.

Mar thoradh ar imscrúdú an Bhiúró deonaíodh orduithe ar bhonn ex-parte de bhun Alt 2 agus 7 den Acht PoC maidir leis an méid seo a leanas:

- Cúig (5) mótarfheithicil
- Earraí dearthóra ar luach níos mó ná €22,950, lena n-áirítear; Sparán agus scairf Louis Vuitton, málaí láimhe Prada, Miu Miu, Coach, Gucci agus Burberry
- Airgead tirim a urghabhadh €713,985 san iomlán; Stg £20,750 agus 9,682 RMB Síneach
- Airgead tirim i gcúig (5) chuntas bainc de bhreis ar €118,851 san iomlán



Mótarfheithicil Tesla

#### **Alt 4(1) agus 4A**

Foráiltear le halt 4(1) go n-aistrefar maoin chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tagraíonn an t-alt seo do shócmhainní a measadh a bheith ina bhfáltais ó iompar

## Cuid a trí

### Gníomhartha faoin Acht um Fháiltais ó Choireacht 1996 go 2016

coiriúil, ar feadh tréimhse nach giorra ná seacht mbliana, agus nach ndearnadh aon éileamh bailí ina leith faoi alt 3(3) den Acht PoC.




An Roinn Caiteachais  
Phoiblí agus Athchóirithe  
Department of Public  
Expenditure and Reform

Ceadaíonn Alt 4A ordú diúscartha toilithe a dhéanamh ag an bhfreagróir in iarratas de bhun an Achta PoC, rud a cheadaíonn an mhaoin a aistriú chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtréimhse níos giorra ná seacht mbliana.

Tugadh seo isteach in Acht PoC 2005 agus, go bunúsach, baineadh an ceanglas ar an mBiúró fanacht seacht mbliana sula gcuirtear cistí ar aghaidh chuig an Státchiste.

#### Luach na sócmhainní caltha faoi alt 4(1) agus 4A



Tugadh sé chás déag (16) chun críche agus tugadh chun críche iad faoi alt 4(1) agus 4A in 2022.

Le linn 2022, aistríodh €2,065,265 san iomlán chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht PoC a d'eascair as diúscairtí alt 4(1) agus 4A.

#### Miondealú ar Alt 4(1) & 4A

Cur síos	Líon na gCásanna 2021	€ 2021
Alt 4 (1)	1	22,592.85
Alt 4A	12	1,121,241.29
<b>Iomlán</b>	<b>13</b>	<b>1,143,834.14</b>

Cur síos	Líon na gCásanna 2022	€ 2022
Alt 4A	16	2,065,265.03
<b>Iomlán</b>	<b>16</b>	<b>2,065,265.03</b>

Cé go bhfuil gníomhaíocht an Bhiúró ag méadú i gcónaí, féadfaidh toradh an Státchiste athrú i mbliain ar leith.

Tá sé seo mar gheall go páirteach ar an oibleagáid fanacht seacht mbliana chun ordú PoC alt 4 a thabhairt chun críche, mura bhfuil Ordú Toilithe faoi alt 4A le teacht roimh na seacht mbliana.

#### Cás 1:

Fuair an Biúró ordú de bhun alt 4A den Acht PoC os cionn €53,500 in airgead tirim agus ordú cumhachta díola alt 7 ar mhaoin shubstaintiúil atá suite in Iarthar Bhaile Átha Cliath ar luach idir €750,000-€800,000.



Eastát réadach i seilbh an Bhiúró

D'eascair imscrúdú an Bhiúró tar éis imscrúdú coiriúil in 2014. Is comhlaigh aitheanta iad na daoine aonair a bhfuil baint acu le grúpa coireachta eagraithe idirnáisiúnta a bhfuil amhras ann go bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí sciúrtha airgid agus le hallmhairiú agus soláthar drugaí mídhleathacha in Éirinn.

### Alt 6

Foráiltear le hAlt 6 go ndéanfaidh an chúirt ordú le linn na tréimhse fad a bheidh ordú alt 2(1) nó 3(1) i bhfeidhm chun an t-ordú a athrú chun ligean don fhreagróir nó d'aon pháirtí eile:

1. Costais mhaireachtála réasúnacha nó costais riachtanacha eile a urscaoileadh; nó
2. Gnó, trádáil, gairm nó slí bheatha eile a bhaineann leis an réadmaoin a sheoladh.

Le linn 2022, rinneadh ordú amháin (1) den sórt sin ar luach €18,620 agus £280.

### Alt 7

Foráiltear le hAlt 7 go gceapann an chúirt Glacadóir a bhfuil ar áireamh ina dhualgais luach maoin atá calctha cheana féin faoi orduithe alt 2 nó alt 3 a chaomhnú nó a dhiúscairt.

In 2022, fuair an Biúró orduithe glactha maidir le céad seachtó a trí (173) sócmhainn. I ngach cás ba é Oifigeach Dlí an Bhiúró an glacadóir a cheap an chúirt.

Bhain na cásanna seo le maoin, feithiclí, earraí dearthóra, seodra agus uaireadóirí. I roinnt cásanna glacadóireachta, rinne an Ard-Chúirt orduithe le haghaidh seilbhe

agus díola ag an nGlacadóir. Ní féidir ordú glacadóireachta a dhéanamh mura bhfuil ordú alt 2 nó alt 3 i bhfeidhm cheana féin.

<b>Airgead Iomlán a thug CAB ar ais in 2022</b>	
Ar ais faoi shainchúram CAB ie, an reachtaíocht um Fháiltas ó Choireacht, Ioncam agus Leas Sóisialta	€6,337,668
Ar ais chuig na Páirtithe Díobháilithe trí S3(3) den Acht PoC	€21,600
<b>Iomlán</b>	<b>€6,359,268</b>

Cuid a trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháiltais ó Chuireacht 1996 go 2016

Ráiteas faoi Chuntais Ghlacadóireachta

	<b>Euro€</b>	<b>Stg£</b>	<b>US\$</b>
Cuntais ghlacadóireachta iarmhéid oscailte 01/01/2022	10,511,065.40	208,054.36	657,710.60
Méideanna réadaithe, lena n-áirítear ús agus airleacain oibríochtúla agus méideanna Stg arna dtiontú go Euro	3,868,082.36	1.54	0.00
Íocaíochtaí amach, lena n-áirítear íocaíochtaí leis an Státchiste agus caiteachas glacadóireachta oibríochtúil agus méideanna Stg arna dtiontú go Euro	2,489,825.03	208,054.36 (tiontaithe go Euro)	0.00
Cuntais ghlacadóireachta iarmhéid deiridh 31/12/2022	11,889,322.73	1.54	657,710.60

# Cuid a Ceathair

## Gníomhartha Ioncaim ag an mBiúró

### Forléargas

Déanann Oifig an Bhiúró Ioncaim dualgais a chomhlíonadh i gcomhréir leis an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, leis an Acht Comhdhlúite Cánacha, 2010, leis an Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003, leis an Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, leis an Acht um Cháin Mhaoine Áitiúil, 2012, arna leasú (dá ngairtear na hAchtanna Cánach anseo feasta) chun cinntiú go bhfuil fáiltais na coireachta, nó coireacht amhrasta faoi réir cánach. Áiríonn sé seo gach faisnéis atá ar fáil a bhailiú ónár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta faoi fhorálacha alt 8 den Acht CAB.

### Feidhmeanna Cánach

Seo a leanas achoimre ar na bearta a rinne an Biúró le linn 2022 agus nuashonrú ar stádas achomhairc a rinneadh de bhun measúnuithe cánach agus cinntí a rinne an Biúró.

### Measúnuithe Cánach

Tá sé de chumhacht ag Oifig an Bhiúró Ioncaim measúnuithe a dhéanamh faoi 58 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (dá ngairtear TCA 1997 anseo feasta) - an chuid muirir.

Le linn 2022, rinneadh caoga a dó (52) duine aonair agus eintiteas corparáideach san iomlán a mheasúnú faoi fhorálacha na nAchtanna Cánach rud a sháraigh mar sin spriocanna an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta de daichead a chúig (45) measúnú as a d'eascair measúnuithe de €9m san iomlán.

### Achomhairc chuig an gCoimisiún Achomhairc Chánach

Bunaíodh an Coimisiún Achomhairc Chánach (TAC) ar 21 Márta 2016 mar chomhlacht reachtúil neamhspleách, arb é a phríomhfheidhm ná achomhairc a éisteacht, a chinneadh agus a dhiúscairt i gcoinne measúnuithe agus cinntí an Bhiúró agus na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le cánacha agus dleachtanna de réir na reachtaíochta ábhartha.

Le linn 2021, tháinig méadú breise ar an leibhéal rannpháirtíochta idir an TAC agus an Biúró. Mar thoradh ar an rannpháirtíocht mhéadaithe rinneadh líon suntasach achomhairc a chur ar aghaidh, lena n-áirítear roinnt cásanna oidhreachta a d'éiligh tacaíocht dhlíthiúil ón Rannóg Sócmhainní Coiriúla in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Leanann an Biúró de bheith ag plé go dearfach leis an TAC d'fhonn gach achomhairc cánach oscailte a chur ar aghaidh. Déanann Táblaí Ioncaim 1 agus 2 atá suite ag deireadh na caibidle seo achoimre ar an ngníomhaíocht achomhairc do 2022.

Amhail an 1 Eanáir 2022, bhí caoga a dó (52) cás roimh an TAC le haghaidh breithnithe. I rith na bliana, chuir an TAC in iúl don Bhiúró go bhfuarthas seacht n-iarratas déag (17) ar achomhairc breise.

Cuireadh an TAC ar an eolas dá réir sin in aon chás inar mheas an Biúró gur mhainnigh iarratas ceanglais reachtúla achomhairc bhailí a chomhlíonadh.

## Cuid a Ceathair

### Gníomhartha loncaim ag an mBiúró

Ghlac an TAC le trí (3) achomharc, dhiúltaigh sé (6) achomharc go hiomlán agus achomharc amháin (1) go páirteach.

Tionóladh deich (10) dáta éisteachta achomhairc agus líon suntasach comhdhálacha bainistíochta cásanna le linn 2022. Táthar ag súil le cinní sna cásanna sin.

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí caoga (50) cás san iomlán ag fanacht le breithniú ag an TAC.

Amhail an 1 Eanáir 2021, bhí achomharc amháin (1) maidir le cás inar diúltaíodh an t-achomharc, ag fanacht le cinneadh. Leanann argóintí dlí teicniúla ag cur moill ar an TAC cinneadh a dhéanamh. Dhiúltaigh an Biúró an t-iarratas achomhairc seo roimh an 21 Márta 2016.

## Bailiúcháin

Tá sé de chumhacht ag Oifig an Bhiúró loncaim gach beart is gá a dhéanamh chun dliteanais chánach a bhailiú de réir mar a bhíonn siad críochnaitheach agus dochloíte.

Tá cumhachtaí an Ard-Bhailitheora ag Oifig an Bhiúró loncaim agus saothraíonn siad fiacha cánach trí gach bealach atá ar fáil. I measc na modhanna bailiúcháin tá:

- Eisiúint éileamh – Alt 960E TCA 1997;
- Cumhacht astaithe – Alt 1002 TCA 1997;
- Gníomh Sirriam – Alt 960L TCA 1997; agus
- Imeachtaí sibhialta – Alt 960I TCA 1997.

## Aisghabhálacha

B'ionann an cháin a ghnóthaigh an Biúró i rith 2022 agus €3.8m, ag sárú na sprice €2.1m a bhain leis an gComhaontú Seachadta Feidhmíochta de €2.2m. Ghnóthaigh an Biúró cáin ó céad seasca a haon (161) duine aonair nó eintitis chorparáideacha.

Arís le linn 2022, bhí urghabháil feithiclí ag Sirriamaí loncaim, faoi fhorálacha alt 960L TCA 1997, an-éifeachtach maidir le gníomhaíochtaí bailithe forfheidhmithe a rinne an Biúró.

## Éilimh

Le linn 2022, b'ionann éilimh chánach (ús san áireamh) a seirbheáladh de réir alt 960E TCA 1997 i leith aon duine dheág (11) agus eintitis chorparáideacha agus €8.9m.

## Socraithe

Le linn 2022, shocraigh cúig dhuine dheág (15) dliteanais chánach gan íoc leis an mBiúró trí chomhaontú ar shuim iomlán €1.977m.

## Imscrúduithe

Leanann na Coimisinéirí loncaim ag obair leis na gníomhaireachtaí go léir sa Bhiúró chun na buntáistí a bhaineann le hiompair choiriúil a dhiúltú agus a bhaint de choirpigh.

Go pointe áirithe, ní bhaineann sé le cineál an iompair choiriúil, is iad na fíorais agus an fhaisnéis atá ar fáil a chinneann ríomh na measúnuithe ar spriocanna an Bhiúró.

Is minic a chuirtear moill ar mhéideanna measúnaithe a bhailiú toisc go n úsáideann na daoine aonair a ndéantar measúnú orthu a gcearta reachtúla chun achomharc a dhéanamh, athbhreithniú a dhéanamh nó dúshlán a thabhairt do na measúnuithe, bíodh sé tríd an TAC nó trí na cúirteanna.

Leanann na Coimisinéirí Ioncaim le socraíochtaí a chaibidliú le spriocanna an Bhiúró agus mura bhfuil íocaíocht le teacht, úsáid a bhaint as na modhanna bailithe go léir atá ar fáil; ceangaltán, atreorú chuig an sirriam nó breithiúnais a chlárú i gcoinne daoine aonair nó sócmhainní na ndaoine aonair.

Léirítear tionchar gníomhartha an Bhiúró, lena n-áirítear gníomhartha na gCoimisinéirí Ioncaim i bpobail, i dtuarascálacha Dea-Shaoránaigh a fuarthas ó na pobail seo. Is féidir leis na tuarascálacha seo a bheith an-tairbheach chun snáitheanna faisnéise a nascadh d'oifigigh imscrúdaithe an Bhiúró.

Mar a luadh i dtuarascálacha roimhe seo, tá go leor cineálacha iompair choiriúil ann lena n-áirítear: Goid agus Calaois, Sciúradh Airgid trí Thrádáil agus Díol Carranna athlámhe agus Soláthar Drugaí Mídhleathacha. Déantar foráil faoi alt 58 TCA 1997 d'údarás na gCoimisinéirí Ioncaim chun measúnú a dhéanamh ar ghnóthachain a fuair daoine ar dhrochbhealaí i leith cánach:

*“58.-(1) Beidh cáin inmhuirearaithe ar bhrabúis nó gnóchain d'ainneoin gurbh amhlaidh, an tráth a rinneadh measúnacht i leith cánach maidir leis na brabúis nó na gnóchain sin*

- (a) Nárbh eol don chigire an bunadh ónar eascair na brabúis nó na gnóchain sin,*
- (b) Nárbh eol don cigire gur eascair na brabúis nó na gnóchain go hiomlán nó go páirteach ó bhunadh dleathach nó ó ghníomhaíocht dhleathach, nó*
- (c) Gurbh eol don chigire gur eascair na brabúis nó na gnóchain ó fhoirse nó gníomhaíocht mhídhleathach.*

*Agus nuair a bheidh inmhuirearaitheacht na mbrabúis nó na ngnóchain sin i leith cánach á cinneadh déanfar neamhshuim d'aon cheist i dtaobh arbh ó bhunadh nó ó ghníomhaíocht nach eol nó ó bhunadh nó ó ghníomhaíocht mhídhleathach a d'eascair na brabúis nó na gnóchain sin go hiomlán nó go páirteach.*

Cuirtear cur i bhfeidhm na reachtaíochta seo i bhfeidhm go stuama trí mheasúnuithe a dhéanamh bunaithe ar na fíricí agus ar an bhfaisnéis atá ar fáil.

Maidir le 2022, bhí bailiúcháin shuntasacha cánacha agus dleachtanna ann agus le linn 2023 leanfaidh sé seo ar aghaidh agus anois go bhfuil srianta covid agus bearta tacaíochta gnó á gcur i gcrích de réir a chéile beidh Oifigigh Biúró na gCoimisinéirí Ioncaim ag athbhreithniú fiachas oidhreachta agus comhaontuithe ina bhfuil íocaíochtaí imithe in éag.

Go hachomair, rinne na Coimisinéirí Ioncaim measúnú ar dhaoine aonair agus ar eintitis chorparáideacha, lena n-áirítear cásanna a thagann faoi raon leathan gníomhaíochtaí coiriúla mar atá thíos:

## Cuid a Ceathair

### Gníomhartha Ioncaim ag an mBiúró

Gníomhaíocht Choiriúil	Líon na gCásanna	Luach na Measúnuithe
Earraí Góchumtha	1	€6,853
Gaolmhar le Carranna	1	€284,897
Sciúradh Airgid	8	€1,155,196
Gadaíocht & Calaois	19	€4,735,672
Gaolmhar le Drugaí	23	€2,801,270
		<b>€8,983,888</b>

### Feidhmeanna Custaim & Máil

Tacaíonn feidhmeanna Custaim agus Máil an Bhiúró le gach imscrúdú trí aon saincheisteanna a bhaineann le hábhar a shainnithint laistigh den raon leathan reachtaíochta, faisnéise agus tacaíochta oibríochta a bhaineann le Custaim.

Feidhmíonn an Biúró raon leathan cumhachtaí agus feidhmeanna Custaim lena n-áirítear idircheaptha paisinéirí, rialú allmhairithe / onnmhairithe agus scrúdú earraí, forfheidhmiú VRT, rialú ceadúnais máil agus gach coinneáil agus urghabháil gaolmhar.

Déanann grúpaí coireachta tromchúiseacha agus eagraithe i ngach dlínse iarracht rialacháin Chustaim a shárú agus iad ag iarraidh brabúis mhóra a dhéanamh agus rialuithe AE agus náisiúnta a sheachaint.

Bíonn tionchar diúltach ag na gníomhaíochtaí seo ar an tsochaí trí chistí a bhaint den Státchiste agus na cistí sin a atreorú i dtreo stíleanna maireachtála coiriúla a shaibhriú.

### Pointí Iontrála / Scoir sa Stát

Tacaíonn feidhmeanna custaim ag calafoirt agus aerfoirt, go háirithe, le himscrúduithe an Bhiúró ar ghnéithe trasdlínse na coireachta agus na mbrabús coiriúil.

Úsáideann an Biúró na cumhachtaí go léir atá ar fáil chun cosc a chur ar fháltais na coireachta, i bhfoirm ar bith, ag coirpigh trí chalafoirt agus aerfoirt.

Arís i rith 2022, rinne an Biúró monatóireacht nó tascradh ar líon



méadaithe coirpigh agus a gcomhpháirtithe agus iad a idircheapadh agus iad ag taisteal trí chalafoirt agus aerfoirt.

#### *Trádáil Mótair*

Leanann an Biúró ag imscrúdú insíothlú na trádála gluaisteán athlámhe ag grúpaí coireachta eagraithe.

Le linn 2022, rinne an Biúró imscrúduithe ar dhéileálaithe gluaisteán athlámhe arna n-oibriú ag grúpaí coiriúla nó thar a gceann. Áiríodh leis na hidirghabhálacha seo roinnt cigireachtaí ar asraonta gluaisteán athlámhe chun reachtaíocht VRT agus CBL a fhorfheidhmiú.

Aithníodh roinnt sárúithe ar Rialacháin VRT agus mí-úsáid scéimeanna CBL a bhaineann le feithiclí athlámhe agus táthar ag dul i ngleic leo go láidir.

Tá dlúthbhaint ag trádáil na ngluaisteán athlámhe idir an Biúró, Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI), Ioncam agus Custaim na Banríona (HMRC), Gníomhaireacht Náisiúnta Coireachta na RA (NCA), an Garda Síochána agus Coimisinéirí Ioncaim.

Ó d'fhág an Ríocht Aontaithe Margadh Aonair agus Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh go foirmiúil i mí Eanáir 2021, tháinig foirmiúlachtaí custaim nua agus rialuithe rialála nua i bhfeidhm ar thrádáil idir an AE agus an RA.

Tar éis an Bhreitheachta, tá dlúthbhaint fós idir an Biúró agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe eile sa Stát agus sa RA maidir leis an trádáil gluaisteán athlámhe

chun comhlíonadh reachtaíocht Custam agus CBL araon a áirithiú.

#### *Mionteagaisc Náisiúnta & Tacaíocht Oibríochtúil*

Fáiltíonn an Biúró roimh an gcúnamh oibríochta a sholáthraíonn sainréimsí laistigh de Sheirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim i rith na bliana.

Ba mhaith leis an mBiúró aitheantas a thabhairt, go háirithe, don tacaíocht 24 uair a thug na hAonaid Madraí Custaim i rith na bliana maidir le seacht n-oibríocht cuardaigh déag (17) ar leithligh, gach ceann acu ag baint le suíomhanna cuardaigh iolracha ar fud na tíre.

Is mór againn an tseirbhís shaineolach a sholáthraíonn an Oifig um Nochtadh na Seirbhíse Custaim Ioncaim don Bhiúró.

#### *Ioncam agus Custaim na Banríona (HMRC)*

Teastaíonn dlúthchomhar i measc údaráis inniúla ar dhá thaobh na teorann chun grúpaí coireachta eagraithe atá ag feidhmiú ar fud dlínsí a chomhrac.

Bíonn idirchaidreamh láidir ag an mBiúró go traidisiúnta le HMRC agus, go háirithe, le hOifigeach Idirchaidrimh um Choireacht Fhioscach HMRC atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Leanadh le malartú rialta agus tábhachtach maidir le faisnéis choiriúil idir an Biúró agus HMRC le linn 2022 i dtaca le roinnt imscrúduithe beo. Baineann an Biúró úsáid as gach gné den reachtaíocht um chúnamh frithpháirteach, cibé acu Custaim do Chustaim nó Póilíní do Phóilíní é.

Cuid a Ceathair  
Gníomhartha Ioncaim ag an mBiúró

Táblaí Ioncaim

Tábla 1: Toradh Achomhairc Chánach

Cur síos	Líon na gCásanna
Achomhairc Oscailte amhail an 01/01/2022	52
Achomhairc arna dtarchur ó TAC	17
Achomhairc arna nGlacadh ag TAC	3
Achomhairc Diúltaithe ag TAC	6
Achomhairc arna dTarraingt siar ag an Achomharcóir	17
Cinneadh an Achomhairc ag TAC	0
Achomhairc Oscailte amhail an 31/12/2022	50

Tábla 2: Toradh na n-achomharc a dhiúltaigh an Biúró (roimh 21/03/2016)

Cur síos	Líon na gCásanna
Achomhairc Oscailte amhail an 01/01/2022	1
Achomhairc Oscailte amhail an 31/12/2022	1

Tábla 3: Measúnuithe Cánach

Cineál Cánach	Cáin €M 2021	Cáin €M 2022	Líon na Measúnuithe 2021	Líon na Measúnuit he 2022
Cáin Ioncaim	7.750	8.328	307	268
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil (CGC)	0.021	0.256	1	4
Cáin Chorparáide (CC)	0.050	0.00	1	0
ÍMAT/ÁSPC	-	0.021	-	3
Cáin bhreisluacha (CBL)	0.094	0.478	8	9
Cáin Fháiltas Caipitiúil (CFC)	0.125	0.125	5	5
Cáin Mhaoine Áitiúil (LPT)	-	-	-	-
Cáin Conarthaí Iomchuí Dleacht Stampála	-	0.030	-	1
	-	-	-	1
<b>Iomlán</b>	<b>8.040</b>	<b>9.238</b>	<b>322</b>	<b>291</b>

Cuid a Ceathair  
Gníomhartha Ioncaim ag an mBiúró

Tábla 4: Cáin agus Ús a Bailíodh

Cineál Cánach	Cáin €M 2021	Cáin €M 2022	Líon na mBailiúchán 2021	Líon na mBailiúchán 2022
Cáin Ioncaim	3.189	3.036	76	260
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	0.012	-	1	-
Cáin Chorporáide	0.029	0.007	2	3
ÍMAT/ÁSPC	0.022	0.212	10	28
Cáin Bhreisluacha	0.700	0.409	14	62
Cáin Fháiltas Caipitiúil	0.065	-	4	-
Cáin Mhaoine Áitiúil	0.024	0.056	70	75
Custaim agus Mál	-	0.107	-	2
<b>Iomlán</b>	<b>4.041</b>	<b>3.827</b>	<b>177</b>	<b>430</b>

Tábla 5: Cáin agus Ús a Éilítear

Cineál Cánach	Cáin €M		Ús €M		Iomlán €M		Líon na gCásanna	
	2021	2022	2021	2022	2021	2022	2021	2022
Cáin Ioncaim	3.242	3.510	1.676	2.562	4.918	6.07	24	22
CGT	-	0.010	-	0.012	-	0.02	-	1
CT	0.027	-	0.002	-	0.029	-	1	-
ÍMAT/ÁSPC	-	-	-	-	-	-	-	-
CBL	0.049	1.609	0.008	1.133	0.057	2.74	1	1
CFC	0.087	-	0.059	-	0.146	-	1	-
RCT	-	0.036	-	0.033	-	0.07	-	1
<b>Iomlán</b>	<b>3.405</b>	<b>5.165</b>	<b>1.745</b>	<b>3.740</b>	<b>5.150</b>	<b>8.90</b>	<b>27</b>	<b>25</b>

Cuid a Ceathair  
Gníomhartha loncaim ag an mBiúró

Tábla Custaim

Custaim	Sprioc	Aschur
<b>Tacaíocht Oibríochtúil &amp; Idirchaidreamh</b> Atreoruithe airgid Alt 28 ó Chustaim próiseáilte	20	26
<b>Atreoraithe agus comhoibriú maidir le malartú faisnéise</b> Oibríochtaí comhphárteacha a dhéantar le Custaim na gCoimisinéirí loncaim	15	10*
<b>Custaim – Feidhmeanna Oifigigh Rialaithe</b> Ceadúnais mháil/Údarú VRT athbhreithnithe	5	5
Oibríochtaí comhlíontachta a rinneadh	5	5

*\*Bíonn tionchar ag nádúr na gcásanna atá á n-imscrúdú ar an gceanglas maidir le hidirghabhálacha Custaim agus dá bhrí sin bíonn tionchar aige ar leibhéal na n-imscrúduithe comhphárteacha a dhéantar i rith na bliana.*

## Cuid a Cúig

# Gníomhartha Leasa Shóisialaigh ag an mBiúró

### Forléargas

Is é ról na nOifigeach Biúró Leasa Shóisialaigh (SWBOanna) gach beart is gá a dhéanamh faoin Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005, de bhun a fheidhmeanna mar atá leagtha amach in alt 5(1)(c) den Acht CAB. Agus na feidhmeanna seo á gcur i gcrích acu, déanann SWBOanna teidlíocht ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh ag aon duine atá ag gabháil do ghníomhaíocht choiriúil a imscrúdú agus a chinneadh.

Tugtar cumhacht do SWBOanna freisin faoi alt 5(1)(d) den Acht CAB imscrúdú a dhéanamh i gcás go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhféadfadh oifigigh na Roinne Cosanta Sóisialta a bheith faoi réir bagairtí nó cineálacha eile imeaglaithe.

Le linn 2022, atreoraíodh dhá chás (2) nua chuig an mBiúró faoi alt 5(1)(d).

Baineadh an luach airgeadaíochta iomlán de €5,581,620 amach mar thoradh díreach ar imscrúduithe a rinne SWBOanna in 2022. Is féidir é seo a bhriseadh síos mar seo a leanas:

### Coigilteas

Tar éis imscrúduithe a rinne SWBOanna in 2022, b'ionann na coigiltis iomlána mar thoradh ar fhoirceannadh agus scor íocaíochtaí le daoine aonair, nach raibh i dteideal íocaíochta, agus €770,524 rud a sháraigh sprioc an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta de €600k.

Tá na ceannteidil éagsúla faoinar baineadh na coigiltis seo amach liostaithe ag deireadh na caibidle seo.

### Ró-íocaíochtaí

Mar thoradh ar na himscrúduithe a rinneadh, sainithníodh agus rinneadh measúnú ar ró-íocaíochtaí i gcoinne daoine aonair mar thoradh ar ghníomhaíocht chalaíseach.

Déantar cur síos ar ró-íocaíocht mar aon íocaíocht a fhaigheann duine aonair thar thréimhse(i) ama nach bhfuil aon teidlíocht nó teidlíocht laghdaithe acu agus dá réir sin, bíonn fiachas don Roinn Coimirce Sóisialaí mar thoradh ar aon íocaíochtaí a fhaightear i leith an éilimh / na n-éileamh.

Le linn 2022, b'ionann na ró-íocaíochtaí a ndearnadh measúnú orthu agus a éilíodh agus €4,365,673 rud a sháraigh sprioc an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta de €2.2m. Tá miondealú air liostaithe ag deireadh na caibidle seo.

### Aisghabhálacha

Tá sé de chumhacht ag SWBOanna ró-íocaíochtaí a aisghabháil ó dhaoine aonair. Meastar go bhfuil ró-íocaíocht mar fhiach don Státchiste. Baineann an Biúró úsáid as roinnt bealaí chun fiacha a aisghabháil lena n-áirítear íocaíochtaí trí chnapshuim agus / nó socrú tráthchoda.

Leasaigh alt 13 den Acht Leasa Shóisialaigh 2012 an tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005 maidir le ró-íocaíochtaí leasa shóisialaigh a aisghabháil trí asbhaintí seachtainiúla ó

theidlíochtaí leanúnacha leasa shóisialaigh duine. Ceadáíonn an leasú seo asbhaint a dhéanamh ar mhéid suas le 15% den ráta pearsanta seachtainiúil is iníochta gan toiliú an duine aonair.

Bhí ról lárnach ag an mBiúró maidir le cumhachtaí breise a thabhairt isteach chun fiacha a aisghabháil trí imeachtaí Fógra Ceangaltáin. Tugann an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2013 an chumhacht d'Oifigigh Leasa Shóisialaigh méideanna ó íocaíochtaí a choinnítear in institiúidí airgeadais nó atá dlite ag fostóir a cheangal le duine a bhfuil fiachas aige ar an Roinn Cosanta Sóisialta.

In 2022, d'éirigh leis an mBiúró airgead dlite mar gheall ar ró-íocaíochtaí leasa shóisialaigh a tugadh fógra agus éileamh ina leith a aisghabháil trí ghníomh um Ordú Astaithe de bhun Chuid 11A den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005.

Foráil reachtaíochta is ea í seo a fuarthas go raibh sí d'ardluach do SWBOanna ó thaobh fiachas gan íoc de. Tar éis rath na n-orduithe astaithe seo, rinne an Biúró na cumhachtaí seo a fheabhsú tuilleadh trí na leasuithe beartaithe ar an Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005.

Mar thoradh ar ghníomhartha ag SWBOanna, tugadh suim iomlán €445,423 ar ais don Státchiste in 2022, ag sárú an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta de €340k. Tá miondealú air sin liostaithe ag deireadh na caibidle seo.

### Achomhairc

Bhí baint ghníomhach ag an mBiúró le hathrú a chur chun cinn thar ceann na

SWBOanna maidir le leasú ar na hAchtanna Leasa Shóisialaigh.

Tháinig achtú alt 7 den Acht Leasa Shóisialaigh 2019 i bhfeidhm an 1 Samhain 2019. D'ordaigh an leasú seo, nuair a dhéanann duine achomharc i gcoinne cinnidh a rinne Oifigeach an Bhiúró Leasa Shóisialaigh, go gcuirfidh Príomhoifigeach Achomhairc na hOifige Achomhairc Leasa Shóisialaigh faoi deara go n-eiseofar treoir don iarratasóir ag iarraidh go gcuirfidh an t-iarratasóir an t-achomharc isteach tráth nach déanaí ná 21 lá ón treoir a fháil chun na Cúirte Cuarda.

Tar éis tionscnamh rathúil an Bhiúró an tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005, alt 307(1A) a leasú, táthar na hachomhairc Leasa Shóisialaigh ar fad ag eascairt as cinní an Bhiúró á éisteacht sa Chúirt Cuarda. Rud nua is ea é seo agus léiríonn sé sásra achomhairc níos cuíchóirithe agus níos éifeachtaí don Bhiúro agus d'Achomharcóirí i gcoinne cinní leasa shóisialaigh CAB.

### Alt 5(1)(c) den Acht CAB 1996

#### Cás 1:

Bhí Liúntas Cuardaitheora Poist á fháil ag an duine aonair ar bhonn fadtéarmach nuair a rinne an Biúró cuardach ag an seoladh seo. Ba léir go raibh an duine aonair ina chónaí lena chailín a bhí ag fáil na híocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora. Léirigh an cuardach go raibh an lánúin ag maireachtáil le chéile. Le linn an chuardaigh fuarthas níos mó ná €70k in airgead tirim chomh maith le míreanna seodra só lena n-áirítear uaireadóirí dearthóra. Bhí Audi Q7 2014 ag an lánúin (ar luach €72k tráth an

cheannaigh) a ceannaíodh in 2019 in ainneoin gurbh iad íocaíochtaí de réir tástála acmhainne na RCS an t-aon ioncam a dearbhaíodh a bhí acu.

Mar thoradh ar an imscrúdú thángthas ar chuntais bhainc nár dearbhaíodh roimhe seo le taiscí substaintiúla airgid lena n-áirítear cuntas Revolut in ainm an duine aonair. Bhí lóisteálacha gan mhíniú leis an gcuntas Revolut seo de bhreis ar €85k. Bhí laethanta saoire eachtracha fairsinge tógtha acu le chéile freisin agus iad ag fáil íocaíochtaí de réir tástála acmhainne ón RCS.

Rinneadh an Liúntas Cuardaitheora Poist a dhícheadú go cúlghabhálach go 2009, rud a d'fhág go ndearnadh measúnú ar ró-íocaíocht €125k. Rinneadh íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora an chailín aonair a dhícheadú go cúlghabhálach agus mar thoradh air sin rinneadh measúnú ar ró-íocaíocht €27k.

#### **Cás 2:**

Bhí íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora á fáil ag an duine seo ó 2005 agus íocadh Liúntas Cúramóra léi freisin le linn na tréimhse ó 2016 go 2018. Chruthaigh imscrúdú ar a teidlíochtaí RCS go raibh an duine ina úinéir ar an dara maoin nár dearbhaíodh riamh. Tháinig sé seo chun solais nuair a d'íoc an duine aonair Cáin Mhaoine Áitiúil ar an maoin nár dearbhaíodh roimhe seo.

Chruthaigh imscrúduithe breise go raibh roinnt cuntas bainc neamhdhearbhaite aici le lóisteálacha substaintiúla airgid. Osclaíodh go leor de na cuntais neamhdhearbhaite seo in ainmneacha a

leanaí nuair a bhí siad chomh hóg le cúig bliana d'aois.

Cheannaigh an duine roinnt gluaisteán úrnua chomh maith agus íocaíochtaí de réir tástála acmhainne á bhfáil aici. Measadh nach raibh stíl mhaireachtála agus sócmhainní an duine aonair ag luí le duine a bhí ag brath ar íocaíochtaí cothaithe DSP. Mar thoradh ar an imscrúdú seo, dícheadaíodh an íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora agus an Liúntas Cúramóra go cúlghabhálach agus rinneadh measúnú ar ró-íocaíocht chomhcheangailte €275k mar thoradh air.

#### **Cás 3:**

Bhí an duine á faire ag an mBiúró agus tar éis imscrúdú a dhéanamh dícheadaíodh an Pinsean Stáit Neamhranníocach ó mhí Feabhra 2018.

I mí Lúnasa 2021, rinne an duine aonair teagmháil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ag rá gur athlonnaigh sé go dtí an Pholainn toisc go raibh a bhean ina máinlia sa Pholainn agus d'iarr sé go n-íocfaí a phinsean isteach ina chuntas bainc ansin. Chuir an duine aonair uimhir theileafóin sa Pholainn ar fáil le haghaidh teagmhála. Cuireadh an cheist sin ar aghaidh chuig an gCoimisinéir.

Rinne SWBO's teagmháil leis an duine aonair maidir leis an uimhir a cuireadh ar fáil agus dhearbhaigh sé gur athlonnaigh sé go dtí an Pholainn. Nuair a fiafraíodh de faoina bhean chéile, dúirt an duine nach raibh sé pósta ach go raibh súil aige pósadh san earrach. Dúirt sé go raibh a pháirtí ag obair mar mháinlia sa Pholainn

agus go raibh sí ag tuilleamh thart ar €31,000 in aghaidh na bliana.

Dúirt sé freisin go raibh sé ina chónaí sa Pholainn go sealadach agus go raibh súil aige filleadh ar Éirinn. Ba é an seoladh a bhí ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, ag an am sin, an seoladh a chuir sé ar fáil dá iarratas ar phinsean Neamhranníocach Stáit in Éirinn in 2018.

Ceistíodh an duine aonair i ndáil lena neamhláithreachacht ón Stát. Iarradh air roinnt doiciméad a sholáthar chun tacú lena dhearbhuithe go raibh sé as an tír ar feadh achair ghairid. Níor cuireadh aon doiciméid ar fáil.

Cuireadh seoladh Éireannach eile ar fáil chun cáipéisí a sheachadadh ach thug eolas áitiúil le fios nach raibh cónaí air ag an seoladh seo. Seirbheáladh doiciméid ar deireadh trí ríomhphost mar ní fhéadfaí é a aimsiú. Toisc nach bhfuarthas aon doiciméid ná teagmháil, dícheadaíodh an Pinsean Stáit Neamhranníocach go siarghabhálach go Feabhra 2018 agus rinneadh ró-íocaíocht €52,663 a mheas.

#### *Cás 4:*

Seoladh páipéir éilimh DSP chuig duine a bhí á faire ag an mBiúró (duine a bhí nasctha le figiúirí suntasacha i ngrúpa coireachta eagraithe) chuig an mBiúró le haghaidh imscrúdaithe i Meán Fómhair 2021 nuair a rinne sé iarratas ar Phinsean Stáit Ranníocach.

